# Dámhachtain Sparánachta faoi Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal 2026

## Treoirlínte d'iarratasóirí

**Spriocdháta: 5pm, Dé Luain 20 Iúil 2026**

**Tábhachtach**: Ní mór duit na treoirlínte seo a léamh sula dtosaíonn tú ar an iarratas. Cinnteofar leis sin go gcuirfidh tú isteach ar an sparánacht is fearr a oireann duit agus go bhfuil tú incháilithe di. Má dhéanann tú athbhreithniú ar na treoirlínte, cuideoidh sé sin leat freisin an t-ábhar riachtanach tacaíochta a ullmhú.

## Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

- Má tá ceist theicniúil agat faoin bhfoirm iarratais Ar Líne a úsáid, léigh an cháipéis fabhtcheartaithe agus seol ríomhphost chuig info@create-ireland.ie
- Dá mba mhaith leat seisiún comhairleach 1:1 a chur in áirithe cuir glaoch ar Create ar (01) 473 6600 nó seol ríomhphost chuig info@create-ireland.ie
- Más é seo do chéad uair chun iarratas a dhéanamh ar scéim ESP, bí linn ag seisiún eolais agus cuir seisiún comhairleach 1:1 in áirithe 3 seachtaine roimh an spriocdháta ar a laghad.

## Treoirlínte Fuaime

In 2024, thugamar isteach treoirlínte fuaime chun tacú le hiarratasóirí. Is féidir iad a úsáid in éineacht leis an téacs scríofa, nó chun cabhrú leo siúd a bhfuil riachtanais bhreise rochtana acu.

## Toradh na n-iarratas

Déanann Create iarracht iarratais a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe, d'fhéadfadh sé **suas le 7 seachtaine** a thógáil ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh.

## Más duine faoi mhíchumas thú nó a bhfuil riachtanais rochtana eile agat:

Tá sé mar aidhm ag Create agus an Chomhairle Ealaíon an próiseas iarratais a dhéanamh inrochtana do chách. Chuireamar leis na tacaíochtaí chun na bacainní a bhíonn ar iarratasóirí ar dhámhachtainí Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal a réiteach. D’fhéadfaí an méid a leanas a bheith san áireamh leis na tacaíochtaí breise:

- Aistriúchán go teangacha eile nó uathu,
- Ateangaireacht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) le linn seisiúin chomhairleacha, nó
- tras-scríobh de chomhaid fuaime agus físe.

Déanfaimid gach rud is féidir linn a dhéanamh ar bhealach réasúnta chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais rochtana acu atá incháilithe faoi choinníollacha na dámhachtana. Chun tuilleadh eolais a fháil amach faoi seo déan teagmháil le Create 3 seachtaine roimh an spriocdháta ar a laghad.

Is féidir leat féachaint ar an réimse tacaíochta rochtana ar shuíomh gréasáin Create nó seol ríomhphost chugainn ag info@create-ireland.ie nó glaoigh orainn ar (01) 473 6600. Má tá ceist agat faoi riachtanais eile, d’fhéadfaimis in ann cuidiú leat ach teagmháil a dhéanamh linn agus déanfaimid ár ndícheall tacú leat.

## Clár na nÁbhar


1. Maidir le Dámhachtain Sparánachta faoi Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal....5

1.1 Cé dó an Sparánacht seo? ....5

1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana ....8

1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?....10

1.4 Cé hé an t-iarratasóir? ....12

1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?....12

1.6 Cé mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith?....14

1.7 Céard air nach féidir leat iarratas a dhéanamh ....19

1.8 Cáipéisí Tacaíochta nach mór duit a chur isteach ....20

1.9 Incháilitheacht ....23

2. D'iarratas a dhéanamh....24

2.1 Treoirlínte maidir leis an mBuiséad....25

2.2 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas ....26

2.3 Tar éis duit iarratas a chur isteach – cad é an chéad chéim eile ....28

3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas ....29

3.1 An próiseas measúnaithe....29

3.2 An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas....30

3.3 Próiseas an phiarphainéil....32

3.4 Dearbhú Leasa ....33

3.5 Na chéad chéimeanna eile sa chás go n-éiríonn le d'iarratas ....35

3.6 Na chéad chéimeanna eile sa chás nach n-éiríonn le d'iarratas ....35

3.7 Achomharc a dhéanamh....36

3.8 Doiciméadú agus measúnú....36

4. Gluais....37

5. Cosaint Sonraí ....39

# 1. Maidir le Dámhachtain Sparánachta faoi Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal

- Leagann Create na healaíona comhoibríocha amach mar ealaíontóirí agus pobail ag obair go dlúth le chéile, i gcaitheamh tréimhsí níos faide ama go minic, chun ealaín a dhéanamh.
- Leagann Create pobal amach sa chiall is leithne den fhocal, ach i gcás scéim ESP, caithfidh an t-ealaíontóir a bheith ag comhoibriú le pobal gairmithe gan ceangal leis na healaíona.
  Is féidir sainmhíniú iomlán ar an méid thuas a fháil ar shuíomh gréasáinCreate.

## 1.1 Cé dó an Sparánacht seo?

Is ar **ealaíontóirí gairmiúla aonair a bhíonn ag comhoibriú le daoine aonair nó le grúpaí/pobail** (gairmithe gan ceangal leis na healaíona) atá an dámhachtain sparánachta dírithe.  Ní mór d'ealaíontóirí **cuntas teiste** a bheith acu maidir le bheith ag obair go comhoibríoch le pobail chun saothar ealaíne a dhéanamh agus a léirmhíniú.

Is **d'ealaíontóir** [1] **atá ag tosú amach ina ngairmréim/ag teacht chun cinn** ag a bhfuil **cuntas teiste** sna healaíona comhoibríocha atá ceann amháin den dá dhámhachtain sparánachta go sonrach.

---

[1] Ealaíontóir i gcéimeanna luatha a ngairmréime atá ag forbairt a gcleachtais agus a gcáile agus atá ag éirí aitheanta i measc ealaíontóirí eile agus léirmheastóirí.

Uaireanta, is rud é go bhfuil cleachtas ealaíon dea-fhorbartha nó lonnaithe i stiúideo ag ealaíontóirí, ach gur thosaigh siad ag obair sna healaíona comhoibríocha le déanaí. Sa chás sin, seans gur mhaith leat tú féin a shainaithint mar "ag teacht chun cinn" chun críche Scéim ESP. Ar bhonn praiticiúil, tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuirtear san áireamh thú do dhámhachtain ealaíontóra luathghairme / atá ag teacht chun cinn más rud é go bhfuil sé seo oiriúnach.

Tuigimid go maith go bhfuil go leor éagothroime ann sna healaíona in Éirinn fós agus go bhfuil roinnt ealaíontóirí ann a bhfuil bacainní rompu ar dhul i ngleic lena gcleachtas ealaíon, agus ar an gcleachtas seo a fhorbairt mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- Inscne
- Claonadh gnéis
- Stádas sibhialta nó teaghlaigh
- Reiligiún
- Aois
- Míchumas
- Cine
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cúlra socheacnamaíoch.

Cuireann Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉI, CCDÉ roimhe seo) na Comhairle Ealaíon agus Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Create bonn eolais faoin sparánacht seo agus is ar ealaíontóirí a bhfuil taithí acu ar an méid thuas atá sí dírithe.

Is sparánacht í seo d'ealaíontóirí **a bhfuil bacainní agus/nó dúshláin ar leith rompu agus iad ag forbairt a gcleachtas ealaíon comhoibríoch, ar cleachtas é atá gníomhach go sóisialta.** Ní gá do na healaíontóirí díriú ar na bacainní seo le linn na Sparánachta.

## Céard atá ar fáil leis an dámhachtain?

Tabharfaidh an sparánacht **€20,000 am agus acmhainní** don ealaíontóir roghnaithe **chun dul i ngleic lena gcleachtas ealaíon comhoibríoch agus machnamh a dhéanamh air**.
I dteannta leis sin, is éard seo a leanas atá ar fáil leis an sparánacht:

- tacaíocht mheantóireachta ó Create gach dara mí

- suas le dhá sheisiún meantóireachta le duine de na healaíontóirí comhoibríocha ó [Phainéal Meantóirí na nEalaíontóirí]() ar ealaíontóirí iad atá gníomhach go sóisialta agus a bhfuil taithí acu.
- tacóidh comhpháirtithe leis an sparánacht seo agus suas le dhá chruinniú tacaíochta á gcur ar fáil acu don ealaíontóir rathúil, i gcás inarb iomchuí.

## Cé hiad na comhpháirtithe agus cé na rudaí ar féidir leo tacaíocht a thabhairt ina leith

Bímid ag obair le roinnt comhpháirtithe a thagann lenár gcuid oibre agus le cuspóir na sparánachta. Cabhraíonn na comhpháirtithe seo linn an sparánacht a roinnt agus tacú leis an ealaíontóir rathúil agus suas le dhá chruinniú tacaíochta á gcur ar fáil, i gcás inarb iomchuí.

Is é is aidhm do dámhachtain sparánachta tacú le forbairt do chleachtais chomhoibríoch, de réir mar a thuigeann tusa an cleachtas sin. Is é is aidhm don tacaíocht bhreise ó eagraíochtaí comhpháirtithe (thíos) ná cuidiú le haon chúinse aonair nó deacrachtaí a d’fhéadfadh a bheith romhat, seachas a bheith ag cur go díreach le do chleachtas ealaíne. Ba cheart d’iarratasóirí ar mian leo go mbeadh aon cheann de na heagraíochtaí seo rannpháirteach ina gcleachtas cruthaitheach, dul i mbun plé leis an eagraíocht agus an rannpháirtíocht sin a chomhaontú leo roimhe ré.

I measc na gcomhpháirtithe tá Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI), Gluaiseacht Lucht Iarrtha Tearmainn (MASI), Comhairle Dídeanaithe na hÉireann (IRC), Irish Network Against Racism (INAR), Arts and Disability Ireland (ADI), Housing Action Now (HAN), Minding Creative Minds, Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann, Comhairle um Chearta an Duine, ATD Ireland (All Together in Dignity), Bród LADTA+ Átha Cliath, Age and Opportunity agus Ionad Pavee, Ionad do Thaistealaithe agus Romaigh.

Is ag fás i gcónaí atá liosta na gcairde agus na gcomhpháirtithe. Ba mhaith linn tuilleadh comhpháirtíochtaí a phlé chun aghaidh a thabhairt ar théamaí

ábhartha agus ar na dúshláin a d'aithin na healaíontóirí sin a chuir isteach ar an sparánacht.

NÓTA: Ní le haghaidh tionscadail ná saothar ealaíne a mhaoiniú atá an dámhachtain sparánachta seo. Níltear ag súil leis go ndéanfar an t-ealaíontóir rathúil saothar ealaíne. Is sparánacht í seo atá dírithe ar ealaíontóirí a bhfuil bacainní agus/nó dúshláin ar leith rompu agus iad ag forbairt a gcleachtas ealaíon comhoibríoch, ar cleachtas é atá gníomhach go sóisialta. Ní gá do na healaíontóirí díriú ar na bacainní seo le linn na Sparánachta. Cuirtear tacaíochtaí sparánachta ar fáil beag beann ar na téamaí nó ábhair a roghnaíonn an t-ealaíontóir rathúil.

## 1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Tá sé de chuspóir ag Dámhachtain Sparánachta Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal (AIC) tacú, in aon fhoirm ealaíne, le h**ealaíontóirí gairmiúla aonair**[2] lena mbaineann na déimeagrafaigh a leagtar amach i gcuid 1.1 chun a g**cleachtas ealaíon comhoibríoch, ar cleachtas é atá gníomhach go sóisialta**, a fhorbairt.

Is é an cuspóir atá leis an Dámhachtain Sparánachta tacú le **forbairt ghairmiúil** ealaíontóirí cleachtacha. Tugann sí deis don ealaíontóir machnamh a dhéanamh ar phríomhcheisteanna a bhaineann **lena gcleachtas ealaíon agus a mhodheolaíochtaí comhoibríocha.**

Is féidir an sparánacht seo a úsáid chun **am a chaitheamh:**

- Ag obair ar do chleachtas, ina measc sin machnamh criticiúil agus measúnú

---

[2] Sainmhíníonn an Chomhairle Ealaíon ealaíontóir gairmiúil mar dhuine a chuireann síos air féin mar ealaíontóir gairmiúil cleachtach, agus aithnítear mar sin é i measc a bpiaraí. Ní gá don iarratasóir a shlí bheatha a dhéanamh go heisiach trína chleachtas ealaíon

- I mbun taighde, ag smaoineamh nó ag forbairt smaoineamh nua. D'fhéadfadh a bheith ag obair le meantóir, páirtithe féideartha, ealaíontóirí eile nó gairmithe ealaíon a bheith i gceist leis seo
- Ag forbairt/foghlaim scileanna nua maidir le do chleachtas
- Aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus/nó dúshláin romhat agus tú ag forbairt do chleachtais

D'fhéadfá an sparánacht seo a úsáid chun:

- Tabhairt faoi thréimhse ghairid oiliúna amhail máistir-ranganna nó deiseanna oiliúna gairmiúla eile (go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta)
- Méid teoranta trealaimh agus ábhar a cheannach le cabhrú le forbairt do chleachtais. **Tabhair faoi deara:** Ní féidir níos mó ná 15% de luach na Sparánachta a bheith i gceist
- Déan meascán d'aon cheann de na gníomhaíochtaí thuas

Ba cheart go gcuirfí an méid seo a leanas in iúl go soiléir i do thogra:

- Na gnéithe den chleachtas a bhfuil sé i gceist agat díriú orthu agus a fhiosrú
- An fáth a gcabhródh dámhachtain ag an am seo go mór le do chleachtas ealaíon comhoibríoch a fhorbairt
- Conas mar a shocróidh tú sceideal ghníomhaíochtaí do thogra chun do chuid spriocanna a bhaint amach.

Is é an **príomhfhócas** don Dámhachtain Sparánachta an t-ealaíontóir agus fiosrú agus forbairt **chleachtas ealaíne an iarratasóra féin.** An méid a d'fhoghlaim an t-iarratasóir rathúil le linn a Sparánachta, táthar ag súil go gcomhroinnfidh siad an fhoghlaim sin le hearnáil na n-ealaíon comhoibríoch i gcoitinne. Ní hé cur i gcrích an tionscadail fócas na sparánachta agus ní rud é a bhfuiltear ag súil leis.

Tairgeann scéim ESP Dámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail agus tairgeann an Chomhairle Ealaíon Dámhachtain Tionscadail ar leith do Rannpháirtíocht sna hEalaíona. Iarrtar ort féachaint go cúramach ar na treoirlínte don dá dhámhachtain, nó dul i dteagmháil le ball d'fhoireann Create mura bhfuil tú cinnte cén dámhachtain is fearr a oireann do do thogra.

## 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an dámhachtain seo ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla atá ag obair in aon fhoirm ealaíne. Is féidir le healaíontóirí gairmiúla iarratas a dhéanamh beag beann ar cibé céim ag a bhfuil siad ina ngairmréim.

**Is féidir leat cur isteach ar an sparánacht seo sa chás:**

- Go bhfuil **cuntas teiste agat maidir le bheith ag obair go comhoibríoch** le daoine aonair agus le grúpaí gairmithe, nach gairmithe ealaíon iad, chun ealaín a dhéanamh. Ní mór duit fianaise a léiriú ar chleachtas / tionscadail chomhoibríocha a rinne tú roimhe seo. Ní mór an méid seo a leanas a bheith sna samplaí seo:
    - Go léiríonn tú fís ealaíne agus tiomantas soiléir do thorthaí ealaíne i do chuid oibre, mar aon le spriocanna ar bith eile, mar shampla ionchuimsitheacht, forbairt pobail, cearta an duine, ceartas sóisialta, ceartas aeráide agus réimsí eile
    - Go gcinntíonn tú caighdeán na rannpháirtíochta i do chuid oibre – mar shampla, i bhforbairt, i bpleanáil, i ndéanamh, i gcur i láthair agus i meastóireacht na hoibre.
- Go bhfuil tú i d'ealaíontóir gairmiúil i mbun cleachtais. Ealaíontóir gairmiúil is ea duine:
    - Atá ag leanúint gairm bheatha mar ealaíontóir in aon fhoirm ealaíne go gníomhach

    - A áiríonn a gcuid cleachtais ealaíon mar a bpríomh-phroifisiún nó gairm bheatha. Baineann seo fiú murab é a gcuid oibre na healaíona a bpríomh-fhoinse ioncaim nó má tá fostaíocht eile acu.
    - Atá aitheanta mar ealaíontóir cleachtach gairmiúil i measc a bpiaraí.

- Atá ina chónaí i bPoblacht na hÉireann. I gcásanna áirithe, féadfaimid glacadh le hiarratais ó áiteanna lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. I gcásanna mar seo, áfach, ní mór duit a lua i do thogra an chaoi a rachadh do thogra chun tairbhe na n-ealaíon i bPoblacht na hÉireann. Caithfimid a bheith sásta le do mhíniú.

Mar a leagtar amach i gcuid 1.1 Cé dó an Sparánacht seo?, is d'ealaíontóir atá **ag tosú amach ina ngairmréim/ag teacht chun cinn** ag a bhfuil cuntas teiste sna healaíona comhoibríocha atá ceann **amháin** den dá dhámhachtain sparánachta seo go sonrach. Sa chás nach bhfuil iarratasóir oiriúnach atá ina n-ealaíontóir comhoibríoch agus a chomhlíonann na híoschritéir scórála ar fáil, bronnfar an dara sparánacht ar an iarratasóir a bhfuil an chéad scór eile is airde ar an iomlán acu.

Ba cheart d'iarratasóirí an chéim chleachtais a roghnú ina léirítear a gcuid taithí ar an mbealach is fearr i gcleachtas na n-ealaíon comhoibríoch go sonrach. Mar shampla, uaireanta, is rud é go bhfuil cleachtas ealaíon dea-fhorbartha nó lonnaithe i stiúideo ag ealaíontóirí agus go measann siad iad féin a bheith i lár a ngairmréime, ach gur thosaigh siad ag obair sna healaíona comhoibríocha le déanaí. Sa chás sin, seans gur mhaith leat tú féin a shainaithint mar "ag teacht chun cinn" chun críche Scéim ESP. Ar bhonn praiticiúil, tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuirtear san áireamh thú do dhámhachtain ealaíontóra atá ag teacht chun cinn, más oiriúnach. Féach an ghluais téarmaí.

## 1.4 Cé hé an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an té a gheobhaidh aon mhaoiniú a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an mhaoinithe sin.

Ní íocfar aon mhaoiniú dámhachtana ach isteach i gcuntas bainc atá in ainm an iarratasóra.

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm an iarratasóra.

## 1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Ní bheimid ábalta glacadh le d'iarratas má tá an méid seo a leanas i gceist le do thogra:

- Tá forbairt nó spriocanna oideachais forbartha níos tábhachtaí sa togra ná torthaí ealaíne
- Tá príomhfhócas an togra ar thorthaí teiripeacha nó cliniciúla
- Tá daoine óga ina bpríomh-spriocghrúpa sa togra, ach amháin sa chás go ndírítear ar chleachtas idirghlúine ann. (*Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi thacaíochtaí na Comhairle Ealaíon do dhaoine óga agus do leanaí féach https://artscouncil.ie/ga/dean-iarratas-ar-mhaoiniu/deiseanna-maoinithe/)
- Tá an togra i bhfoirm ealaíne nó cleachtas ealaíne nach mbronntar an sparánacht maoiniú ina leith
- Tá tacaíocht á lorg sa togra le haghaidh oibre atá ina hullmhúchán do chúrsa foirmiúil, d'intéirneacht nó d'obair dheonach, nó atá mar chuid díobh

Ní ghlacfaimid le d'iarratas más fíor an méid seo a leanas i gcás do thogra:

- Eagraíocht
- Ní ealaíontóir gairmiúil thú atá ag moladh do chleachtas ealaíon aonair a fhorbairt – mar shampla léiritheoirí cruthaitheacha, coimeádaithe, bainisteoirí ealaíon agus gairmeacha ealaíon eile
- Mac léinn fochéime lánaimseartha (ina measc sin bonnchúrsaí)
- Ag lorg tacaíochta i dtreo táillí le haghaidh ardoideachais/oideachas iarchéime nó staidéir (ina measc sin cúrsaí neamhchreidiúnaithe)
- Ag lorg tacaíochta i dtreo oibre atá á déanamh agat mar chuid de chúrsa foirmiúil, d'intéirneacht nó d'obair dheonach
- Má tá tú fostaithe go lánaimseartha, caithfidh tú a bheith ag lorg am saor ón bhfostaíocht chun oibriú ar do chleachtas, agus ba chóir an chaoi a bhfuil sé i gceist agat tabhairt faoi seo a leagan amach i d'iarratas
- Mura cónaitheoir de chuid Phoblacht na hÉireann thú (féach 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? le fáil amach faoi na heisceachtaí air seo)
- Comhalta Aosdána a fhaigheann cnuas (stipinn).
- Duine ar bronnadh dámhachtain Sparánachta Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal orthu roimhe seo

Ní féidir leat ach aon cheann amháin de na dámhachtainí seo a leanas a fháil, in aon réimse ealaíon amháin, gach bliain:

- Sparánacht na Comhairle Ealaíon, babhta 1
- Sparánacht na Comhairle Ealaíon, babhta 2
- Dámhachtain d'Ealaíontóirí na Chéad Ghlúine Eile
- Dámhachtain Markievicz

## 1.6 Cé mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith?

**Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar €20,000. Ba cheart duit cur isteach ar an méid iomlán.**

Mar sin féin, féadfaidh ealaíontóirí faoi mhíchumas costais rochtana bhreise a chur san áireamh ina n-iarratas. Tá sé seo ar leithligh ón méid a iarrann tú le haghaidh do thogra.

Is dámhachtain do bhliain amháin í an sparánacht seo. Ní bhaineann an dámhachtain seo le níos mó ná bliain amháin.

### Nóta i dtaobh tú féin a íoc

Faightear tuilleadh ama do do chleachtas ealaíon leis an Dámhachtain Sparánachta.

Ba cheart an méid ba mhaith leat a íoc leat féin as an am a chaithfidh tú ag forbairt do chleachtais a chur san áireamh sa mhéid a iarrann tú. D’fhéadfadh go mbeadh sé seo cothrom le suas le 100% den dámhachtain.

Ba cheart duit íocaíocht chuí a thabhairt duit féin. Déan cinnte go ndéanann tú iarratas ar do dhóthain maoinithe le do chuid cuspóirí a bhaint amach.

Ba cheart an méid a shonraíonn tú mar íocaíocht duit féin agus d’aon duine aonair, eagraíocht nó grúpa a bheith i gcomhréir le:

- Céim do ghairmréime/a ngairmréime
- Cineál do chleachtais/a gcleachtais
- Fad do thogra

Ba cheart go mbeadh sé iomchuí freisin do chaighdeáin na tionsclaíochta laistigh de do chleachtas ealaíon.

Má chuir tú aon duine nó eagraíochtaí eile san áireamh i do thogra agus má tá táillí á n-íoc agat leo, ba cheart go mbeadh sé soiléir i d'iarratas conas a shocraigh tú méideanna na dtáillí.

## Nóta faoi chostais eile

Ceadaíonn an dámhachtain seo duit aon chostais eile a d'fhéadfadh tacú leat do chleachtas a fhorbairt a chur san áireamh. Mar shampla:

- Táillí don am a chaitheann meantóirí nó comhoibrithe ag obair leat ar na gníomhaíochtaí i d'iarratas
- Costais na n-ábhar atá riachtanach chun do chleachtais a fhorbairt. Ní mór an t-ábhar seo a nascadh go soiléir leis an gcuspóir "am a cheannach". D'fhéadfadh go mbeadh na costais seo cothrom le suas le 15% den mhéid iomlán a d'iarr tú.

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do dhálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a fheabhsú. Leagtar amach ina mbeartas Luach Saothair don Ealaíontóir an tiomantas seo maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom d'ealaíontóirí.

## Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas

Tá Create agus an Chomhairle Ealaíon tiomanta dár gcláir mhaoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, cuirimid tacaíochtaí airgeadais ar fáil chun bacainní a bhaint d'ealaíontóirí agus do rannpháirtithe faoi mhíchumas. Costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thugtar orthu seo.

Glacaimid an cur síos ar mhíchumas ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, mar aon le reachtaíocht agus cásdlí na hÉireann. Cuimsímid gach duine faoi mhíchumas go forleathan. Mar

shampla, daoine ar a bhfuil lagú fisiciúil, leighis, cognaíoch, intleachtúil, foghlama, mothúchánach, nó céadfach.

Teastaíonn do thoiliú uainn chun na sonraí seo a phróiseáil. Caithimid le sonraí a bhaineann le míchumas go rúnda agus go slán. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi a gcosnaímid do shonraí, féach Cosaint Sonraí.

Is féidir leat costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh le d'iarratas. Tá dhá chineál ann ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith.

### Costais rochtana phearsanta do dhaoine nó do rannpháirtí faoi mhíchumas

Cuirimid maoiniú ar leith ar fáil i gcás costais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas anuas ar do chroí-bhuiséad.

Ba cheart go mbainfeadh an tacaíocht seo bacainní d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas a bhfuil do thogra á sheachadadh acu. Mar shampla:

- Tusa
- Na príomhealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra
- Comhpháirtithe, meantóirí nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin
- Príomhfhoireann nó príomhphearsanra riaracháin.

D'fhéadfaí na cinn seo a leanas a áireamh le roinnt samplaí den tacaíocht:

- Ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann do rannpháirtí nó do rannpháirtithe
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana
- Am breise cleachtaidh nó sa stiúideo.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir cur isteach ar na costais rochtana phearsanta do dhaoine agus do rannpháirtithe faoi mhíchumas anuas ar an uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain.

### Costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas – a bhaineann le do shaothar a dhéanamh inrochtana do dhaoine eile

Is costais iad seo chun do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ba cheart iad a mheas mar ghnáthchuid de do chuid oibre. Samplaí de chostais rochtana chun do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do lucht féachana is ea:

- Ateangaire TCÉ le haghaidh d'imeacht nó le haghaidh do thaibhithe
- Seirbhís tráchtaireachta fuaime a úsáid
- Do shuíomh gréasáin a chur in oiriúint do léitheoirí scáileáin
- Ábhair thaispeántais a chruthú i bhformáidí eile amhail Braille nó fuaim.

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart duit costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh sa tsuim iomlán a iarrann tú. Ní mór dóibh a bheith laistigh den uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain.

## Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

Má chuireann tú costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i do thogra, ní mór duit cáipéis a uaslódáil freisin ina liostaítear na costais sin i dteannta na n-ábhar tacaíochta.

Is féidir leat **teimpléad roghnach na gCostas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas** seo a úsáid chun é sin a dhéanamh.
Ní mór duit na costais a léiriú in dhá líne ar leithligh i do theimpléad buiséid freisin:

- Líne do chostais rochtana pearsanta do dhaoine faoi mhíchumas (féach an teimpléad buiséid – líne 6.2)

- Líne do chostais rochtana lucht féachana/éisteachta do dhaoine faoi mhíchumas (féach an teimpléad buiséid – líne 5)

**Tabhair faoi deara:** Is cuma má úsáideann tú do cháipéis féin nó teimpléad na gCostas Rochtana do Dhaoine faoi mhíchumas, ní mór an dá chineál costas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thaispeáint ar leithligh.

Iarraimid ort toiliú sainráite a thabhairt chun na sonraí seo a sholáthar. Soláthraíonn tú é trí thic a chur sa bhosca toilithe ar an bhfoirm iarratais. Molaimid duit ár rannán maidir le cosaint sonraí a léamh chun eolas a fháil ar an gcaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.

**Tabhair faoi deara:** Tá an toiliú seo ann chun sonraí íogaire agus ábhar tacaíochta a fháil. Má bhronntar costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas ort, coinneoimid sonraí ábhartha ar bhonn difriúil chun cloí le ceanglais dhlíthiúla agus ceanglais eile

## Cén chaoi a n-éilím mo chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas?

Má éiríonn le d’iarratas, tabharfaimid eolas duit maidir leis an gcaoi le do mhaoiniú a tharraingt anuas. Déantar costais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas a tharraingt anuas ar leithligh ó do chroímhaoiniú. B’fhéidir go n-iarrfaí ort tuairisc ghairid a chomhlánú ar an gcaoi ar úsáid tú na cistí sin.

## Cén seans atá agam maidir le maoiniú a fháil?

Bíonn an-iomaíocht i gceist leis an dámhachtain seo. Faighimid i bhfad níos mó iarratas ná mar is féidir linn maoiniú a chur ar fáil dóibh. Bronnaimid dhá Dhámhachtain Sparánachta gach bliain. Is d’ealaíontóir atá ag tosú amach ina ngairm / ag teacht chun cinn ag a bhfuil cuntas teiste sna healaíona comhoibríocha atá ceann amháin de na sparánachtaí seo go sonrach.

## 1.7 Céard air nach féidir leat iarratas a dhéanamh

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith na gcostas seo a leanas:

- Cur isteach ar níos mó ná dámhachtain sparánachta amháin in aon bhabhta maoinithe amháin
- Gníomhaíochtaí agus costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana
- Iarratais chaipitiúla chun trealamh a cheannach nó feabhas a chur ar spásanna oibre
- Síntiúis nach mbaineann leis an togra seo. Cuirtear ceadúnais leanúnacha bogearraí san áireamh leis seo.
- Táillí ballraíochta.
- Gníomhaíochtaí a oireann níos fearr do dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon
- Gníomhaíochtaí a oireann níos fearr do thacaíocht ó ghníomhaireacht rialtais nó gníomhaireacht phoiblí eile. Tá Cultúr Éireann, Fís Éireann agus institiúidí tríú leibhéal i measc roinnt samplaí díobh.
- Gníomhaíochtaí neamhealaíonta amhail gníomhaíochtaí acadúla
- Gníomhaíochtaí a chuir tú i gcrích cheana féin, nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d’iarratas
- Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu ar mhaithe le hairgead a thiomsú do charthanachtaí, nó le páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuspóirí déanta brabúis den chuid is mó

Ní féidir leat cur isteach ar ghníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon nó Create measúnú orthu cheana féin, mura féidir leat a léiriú go ndearna tú forbairt shuntasach ar an togra.
Áirítear scéimeanna seachtracha leis seo a ndéantar bainistíocht orthu thar ceann na Comhairle Ealaíon. Mar shampla Scéim Cheangal na nEalaíon agus an Mhíchumais.

Is eisceacht air sin an cás ina dtugaimid treoir shainráite go n-atreorófá d’iarratas ar an dámhachtain sin.

**Tabhair faoi deara:** Ní haon tásc é an moladh seo go bhfaighidh an t-iarratas maoiniú.

## 1.8 Cáipéisí Tacaíochta nach mór duit a chur isteach

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur san áireamh i dteannta le d'iarratas. Is cuidiú atá sna cáipéisí sin don duine atá i mbun measúnú ar d’iarratas le tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra.

Mura n-uaslódálann tú ábhar tacaíochta, beidh d’iarratas neamhiomlán agus ní féidir linn measúnú a dhéanamh air. Is é ábhar tacaíochta a bheith in easnamh an chúis is coitianta le hiarratais neamh-incháilithe.

Ní mór duit an fhaisnéis thíos a léamh go cúramach agus an t-ábhar tacaíochta a iarraimid a chur le d’iarratas.

### Ábhar éigeantach tacaíochta do gach iarratasóir

- CV atá cothrom le dáta (3 leathanach ar a mhéad), chun forléargas a thabhairt ar thionscadail a rinneadh roimhe seo
- Suas le cúig íomhá nó cúig shampla de do chleachtas ealaíne.
- **Buiséad**, ina leagtar amach conas a chaithfidh tú an maoiniú. Tá an sparánacht ann chun go bhfaighfear tuilleadh ama duit. Táimid ag súil le táille chuí ealaíontóra a fheiceáil ina léirítear an t-am a chaithfidh tú ar do sparánacht. Bain úsáid as an **teimpléad buiséid atá ar fáil**.

## Ábhair thacaíochta eile:

- ráitis nó litreacha tacaíochta ó phríomh-chomhpháirtithe a shainaithnítear san iarratas (mar shampla, rannpháirtithe nó ionadaithe grúpa, ealaíontóirí eile, meantóirí, maoinitheoirí agus aon chomhpháirtithe eile)
- cáipéis ghearr ina bhfuil miondealú ar chostais rochtana, nó
- ábhar eile a bhaineann le d'iarratas.

**Measfar nach bhfuil d'iarratas incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach.**

Má chuir tú aon duine nó eagraíocht eile san áireamh i do thogra, ní mór duit an t-ábhar tacaíochta breise seo a leanas a chur le d'iarratas.

- Ráitis nó litreacha tacaíochta ó phríomh-chomhpháirtithe atá aitheanta i d'iarratas atá lárnach do do thogra, mar shampla rannpháirtithe nó ionadaithe grúpa, ealaíontóirí eile, meantóirí, maoinitheoirí agus aon pháirtí eile
- Beathaisnéisí gairide a thugann achoimre ar a saineolas, a gcreidiúnú agus a gcuntais teiste.

## Cáipéisí breise i gcásanna áirithe

I roinnt cásanna, is féidir gur gá duit ábhar breise tacaíochta a chur isteach le d'iarratas.

## Costais um rochtain do dhaoine faoi mhíchumas

Má tá costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i d'iarratas, ba cheart duit doiciméad a uaslódáil ina liostaítear na costais sin. Déan cinnte de do chostais rochtana iomlána do dhaoine faoi mhíchumas a liostú ar leithligh i do dhoiciméad buiséid féin.

Faigh tuilleadh eolais faoi chostais rochtana d’ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas.

## Ag obair le hainmhithe

Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de do *Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* a chur ar fáil.

## Ag obair le leanaí agus daoine óga

Má sholáthraítear seirbhísí do leanaí nó do dhaoine óga faoi bhun ocht mbliana déag mar chuid de do thogra, ní mór beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm agat.

- Ní mór duit a chur in iúl cé acu a bhaineann nó nach mbaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo san fhoirm iarratais.
- Má fhreagraíonn tú “Baineann” agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat.

Na tionscadail inarb iad daoine óga an príomh-spriocghrúpa, tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh nach maoineoidh Scéim ESP na tionscadail sin, ach amháin sa chás go ndíreofar go sonrach ar chleachtas idirghlúine sa togra. Féach cuid 1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

## Iad siúd atá ag obair le daoine soghonta

Má bhíonn obair le daoine fásta soghonta i gceist le do thogra, ní mór duit é seo a léiriú ar an bhfoirm iarratais.

Leis sin, aithníonn tú go gcloíonn tú leis an mBeartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Leochaileacha atá i mBaol Drochúsáide.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir go n-iarrfaimid ort tuilleadh fianaise a chur ar fáil de chomhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta sin má éiríonn le d'iarratas.

## 1.9 Incháilitheacht

Measfar go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe agus ní chuirfear chun cinn go dtí an chéad chéim eile den phróiseas é má bhaineann aon cheann de na rudaí seo a leanas leis:

- Tháinig sé isteach tar éis an spriocdháta d'iarratais.
- Níor uaslódáil tú d'fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta trínár bhfoirm iarratais Ar Líne. (Mura bhfuil tú in ann é a chur isteach ar líne, bí i dteagmháil le Create roimh an spriocdháta)
- Níor chomhlánaigh tú gach cuid ábhartha san fhoirm iarratais
- Níor chomhlíon tú na critéir i gcuid 1.1 Cé dó an sparánacht seo?
- Níl tú incháilithe iarratas a dhéanamh faoi na critéir a leagtar amach i gcuid 1.3 agus i gcuid 1.5 thuas
- D'iarr tú ar níos mó ná an méid atá ceadaithe. Ná déan dearmad gur féidir leat costais rochtana phearsanta bhreise do dhaoine faoi mhíchumas a iarraidh má éilítear amhlaidh le do thogra. Féach Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas
- Rinne tú iarratas ar ghníomhaíochtaí nó ar chostais nach bhfuil cumhdaithe ag an dámhachtain seo
- Níor chuir tú gach ceann de na hábhair thacaíochta riachtanacha ar fáil
- Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chlár maoinithe eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon nó gníomhaireacht mhaoinithe eile

Má tá d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfaimid measúnú air. Sa chás sin, beidh tú i dteideal iarratas a dhéanamh an athuair leis an togra céanna i mbabhta maoinithe éigin amach anseo.

# 2. D'iarratas a dhéanamh


Bíodh dóthain ama agat chun d'iarratas a ullmhú.

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bhfoirm ar líne, rud a gheobhaidh tú ar an suíomh gréasáin Create. Léigh na ceisteanna, agus ullmhaigh do fhreagraí, sula dtosóidh tú d'iarratas. Is féidir leat d'iarratas a shábháil le linn duit a bheith á dhéanamh agus rochtain a fháil arís air laistigh de 30 lá, ach cuimhnigh nach mór duit é ar fad a chur isteach roimh an spriocdháta.


Bain úsáid as na cnaipí le dul ar ais agus chuig an gcéad cheann eile chun do bhealach a dhéanamh tríd an bhfoirm. Ach, tabhair faoi deara nach bhféadfaidh tú dul tríd an bhfoirm gan na ceisteanna riachtanacha ar fad a fhreagairt.




Féadfaidh tú é a shábháil agus leanúint ar aghaidh ar ball más maith leat dul ar ais chuig d'iarratas ar líne. Chun é sin a dhéanamh, cliceáil ar an gcnaipe a bhfuil *"save and continue later"* air. Tabharfaidh sé seo ar ais thú chuig leathanach le nasc. Féadfaidh tú an nasc seo a sheoladh ar ríomhphost chugat féin, ach úsáid a bhaint as an mbosca atá curtha ar fáil.




Nuair atá an seoladh ríomhphoist críochnaithe agat agus *“submit”* brúite agat feicfidh tú an scáileán seo a leanas:




Féadfaidh tú rochtain a fháil ar d’fhoirm iarratais ach úsáid a bhaint as an nasc a seoladh chuig do sheoladh ríomhphoist (déan na fillteáin turscair agus bhruscair a sheiceáil). Tabhair faoi deara nach mór duit an fhoirm a chur i gcrích laistigh de 30 lá tar éis duit an nasc a fháil, agus roimh spriocdháta an iarratais.

## 2.1 Treoirlínte maidir leis an mBuiséad

Ba cheart go n-áireofaí i do bhuiséad rátaí pá don phearsanra go léir, agus **sonraí** ioncaim ábhartha ó fhoinsí eile (Féach **Cuid 1.6 Cé mhéad ar féidir**

**leat iarratas a chur isteach ina leith?**). Ba cheart na rátaí pá a bheith réalaíoch agus an pá a bheith i gcomhréir le taithí. Bain úsáid as an teimpléad buiséid.

Maidir le hioncam a bhaineann le d'iarratas, léirigh aon mhaoiniú a fuair tú / iarratas a rinne tú ó fhoinsí eile:

- Inis dúinn má deimhníodh an maoiniú agus cuir litir dhearbaithe leis an iarratas
- Tabhair le fios más ranníocaíochtaí comhchineáil iad na ranníocaíochtaí. Féach ár nDoiciméad Ceisteanna Coitianta le haghaidh tuilleadh eolais ar céard atá i gceist againn le Tacaíocht Chomhchineáil.

## 2.2 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. Féach 1.8 Ábhair Thacaíochta nach mór duit a chur isteach Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta sin ar fad a chur isteach ar líne. Mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh ort ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

### Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas na formáidí comhaid atá inghlactha mar chuid d'iarratas:

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| **téacschomhaid** | .rtf/.doc/.docx/.txt |
| **scarbhileoga** | .xls/.xlsx |
| **Comhaid Adobe Acrobat Reader** | .pdf |

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

## Naisc Físe agus Fuaime a Chur Isteach

Ní féidir leat comhaid fuaime ná físe a lódáil go díreach chuig an bhfoirm iarratais. Is féidir leat naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar SoundCloud, YouTube nó Vimeo. Ní fhéachfar ar naisc le suíomhanna eile óstála gréasáin.  Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh an tsuímh gréasáin) isteach i gcáipéis Microsoft Word nó OpenOffice Writer, agus uaslódáil í. Seiceáil an nasc – déan cinnte go nascann sé i gceart le d'ábhar ar líne.

Féadfaidh tú d'fhíseán a mharcáil mar "neamhliostaithe" nó cosanta ag pasfhocal sna socruithe, nuair a chuireann tú isteach í. Déan cinnte go gcuireann tú an pasfhocal isteach freisin.

Tabhair faoi deara nach mór ábhar tacaíochta amhail CVanna agus litreacha tacaíochta a uaslódáil mar cháipéisí ar leith le d'iarratas. Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le naisc chuig suíomhanna comhroinnte comhad (e.g. Google Drive).

## Comhaid a ainmniú go cuí


Bíodh ainmneacha soiléire agat ar gach comhad. Ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis. Cuir cáipéisí tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

| | |
|---|---|
| **Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell** | JackRussell soundcloud link.doc<br>JackRussell support letters.pdf<br>JackRussell Child Protection Policy.doc<br>JackRussell youtube link.doc |

Is é **128MB** an t-uasmhéid iomlán le haghaidh an ábhair tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin. Is é **16MB** an t-uasmhéid le haghaidh gach comhaid. Ní lódálfaidh comhaid atá níos mó ná sin agus ní chuirfear san áireamh iad i d'iarratas.

Chun ábhair thacaíochta a lódáil san fhoirm ar líne, déan na comhaid a tharraingt agus a scaoileadh isteach sa bhosca atá curtha ar fáil, nó

roghnaigh na comhaid ceann ar cheann. Tá íomhá den rannán uaslódáilte comhad le feiceáil thíos. Anseo, lódáladh trí chomhad i gceart. Más gá duit ceann nó níos mó a bhaint, féadfaidh tú cliceáil ar an “X” dearg.




## 2.3 Tar éis duit iarratas a chur isteach – cad é an chéad chéim eile

I ndiaidh duit an t-iarratas a chur isteach, gheobhaidh tú ríomhphost láithreach chun a chur in iúl duit go bhfuaireamar d’iarratas. Déanaimid iarratais a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Mar gheall ar líon na n-iarratas a fhaighimid agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe, d’fhéadfadh sé suas le 7 seachtaine a thógáil ón spriocdháta go dtí go ndéanfar cinneadh.

# 3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

## 3.1 An próiseas measúnaithe

Déanann Create bainistíocht ar Scéim ESP ar son na Comhairle Ealaíon. Tugaimid tacaíocht do mheasúnú an phainéil agus don phróiseas cinnteoireachta. Is é an aidhm atá againn a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le maoiniú a dhámhachtain.

Iarrtar ar an bpainéal próiseas dhá chéim a úsáid, ag céim na gearrliostaithe agus na n-agallamh, chun a chinntiú go mbeidh ualú comhionann ag an iarratas scríofa agus ag an agallamh sa toradh deiridh.

Is éard seo a leanas atá i gceist nuair a phróiseálaimid iarratas:

- Seiceáiltear inghlacthacht an iarratais. Téann iarratais incháilithe ar aghaidh chuig an gcéim mheasúnaithe ansin
- Déanann an piarphainéal athbhreithniú ar na hiarratais incháilithe agus an t-ábhar tacaíochta a bhaineann leo agus bronntar scór ar na hiarratais. Bronnann an painéal scór ar iarratas (féach cuid 3.3 Próiseas an phiarphainéil) agus molann siad ar cheart iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart.
- Déantar cumarsáid trí ríomhphost maidir le cinntí ar iarratais atá neamh-incháilithe agus nach bhfuil ar an ngearrliosta
- Tabharfar aiseolas do na hiarratasóirí atá ar an ngearrliosta agus iarrfar orthu dul faoi agallamh
- Agallaimh: Cuireann an piarphainéal agallamh ar ealaíontóirí aonair, roimh scóráil agus cinnteoireacht. Cuirtear an scór ón iarratas scríofa agus ón agallamh le chéile chun bonn eolais a chur faoi chinntí deiridh
- Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí ar ríomhphost

- Ní mór aiseolas ar iarratais nach n-éiríonn leo a iarraidh laistigh de choicís ó fhógra chinneadh an phainéil
- Déanann Create agus an Chomhairle Ealaíon nóta de na cinntí
- Tugann bord na Comhairle Ealaíon na cinntí dá aire.

### Achar ama

Déanann Create iarracht iarratais a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe, d'fhéadfadh sé suas le 7 seachtaine a thógáil ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh.

## 3.2 An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas

Is Dámhachtain Sparánachta an-iomaíoch í an dámhachtain seo. Déanfar measúnú ar d'iarratas ar bhonn na **gCritéar Measúnaithea leanas:**

- Fiúntas ealaíne
- Na bealaí ina gcomhlíonann an togra cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana
- Indéantacht.

### Fiúntas ealaíne

I gcás ár measúnaithe ar fhiúntas ealaíne, dírítear ar do chleachtas ealaíontóra roimhe seo agus ar an gcineál togra atá ann. Áirítear leis an measúnú seo:

- Do chuntas teiste agus an cumas a léirigh tú ar d'fhoirm iarratais, do CV agus aon ábhar tacaíochta eile a chuir tú isteach
- An ghníomhaíocht ealaíon nó na gníomhaíochtaí ealaíon atá beartaithe de réir mar a luaigh tú san fhoirm iarratais

- An cleachtas a léirigh tú le d'ábhar tacaíochta
- Comhthéacs na foirme ealaíne/an chleachtais ealaíon lena mbaineann do ghníomhaíocht bheartaithe
- An uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht atá léirithe agat
- **Má tá sé i gceist agat a bheith ag obair le meantóir:** cuntas teiste an mheantóra agus caighdeán an chláir meantóireachta
- **Má tá sé i gceist agat a bheith ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta:** caighdeán agus oiriúnacht na dtacaíochtaí atá á dtairiscint ag eagraíochtaí comhpháirtíochta

## Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh

Déanaimid iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a éiríonn leo cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh. Féach 1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana chun tuilleadh eolais a fháil.

Sa mheasúnú seo, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh:

- An méid tairbhe a bhainfeadh do chleachtas ealaíon as an ngníomhaíocht mholta agus conas mar a d'fhéadfaí é a fhorbairt mar thoradh air sin
- Conas mar a théann do ghníomhaíocht mholta i ngleic le tosaíochtaí na dámhachtana.

## Indéantacht

Déanfaimid indéantacht d'iarratais a mheasúnú, bunaithe ar an gcaoi a léiríonn tú do chumas chun do ghníomhaíochtaí beartaithe a sholáthar.

Sa mheasúnú seo, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh:

- Indéantacht do chláir ama nó do sceidil bheartaithe
- An méid maoinithe a leithdháilfear ar tháille ealaíontóra / saineolas eile i gcomhréir le cineál agus fad na hoibre beartaithe

- Más ábhartha, infhaighteacht na dtacaíochtaí/na gcomhpháirtithe eile a d’ainmnigh tú i d’iarratas.

## 3.3 Próiseas an phiarphainéil

Bainimid úsáid as piarphainéil ionas go mbeidh réimse de shaintuairimí inár bpróiseas meastóireachta.

Bíonn ar a laghad triúr saineolaithe seachtracha ar phiarphainéal. Bíonn an méid seo a leanas ag na saineolaithe seo de ghnáth:

- Saineolas cleachtais ealaíon
- Eolas leathan oibre agus tuiscint ghinearálta ar na healaíona gairmiúla.

Maidir leis an sparánacht seo, beidh baill ón bPainéal Meantóirí Ealaíontóirí ar an bpainéal cinnteoireachta freisin. Déanann ionadaí ó Create cathaoirleacht ar an gcruinniú painéil, ionadaí atá ina chathaoirleach gan ceart vótála agus nach bhfuil sé i gceist aige tionchar a imirt ar chinneadh an phainéil.

Beidh rochtain ag lucht an phainéil ar gach iarratas ar an ngearrliosta roimh lá an chruinnithe gearrliostaithe. Le linn an chruinnithe, déanann siad na hiarratais ar an ngearrliosta a athbhreithniú, a phlé agus a scóráil, agus bíonn gearrliosta le haghaidh na n-agallamh mar thoradh air sin.

Cuireann an piarphainéal agallamh ar na healaíontóirí aonair a chuirtear ar an ngearrliosta, roimh scóráil agus cinnteoireacht. Cuirtear an scór ón iarratas scríofa agus ón agallamh le chéile chun bonn eolais a chur faoi chinntí deiridh

**Tabhair faoi deara:** Tá leibhéal ard iomaíochta ann don mhaoiniú. Ní féidir Create agus an Chomhairle Ealaíon maoiniú a dhéanamh ar gach iarratas incháilithe a fhaighimid.

## Próiseas scórála an phainéil

Iarraimid ar gach ball painéil na hiarratais a scóráil de réir an chórais seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| A+ | 10 | **A – Caithfear a Mhaoiniú:** dar leis an mball painéil gur comhlíonadh na critéir go léir san iarratas le haghaidh na dámhachtana agus go bhfuil maoiniú tuillte aige ar an mbonn sin. |
| A | 9 | |
| B+ | 8 | **B – Ba Chóir a Mhaoiniú:** dar leis an mball painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige má tá acmhainní ar fáil. |
| B | 7 | |
| B- | 6 | |
| C+ | 5 | **C – D'fhéadfaí a Mhaoiniú:** dar leis an mball painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas, ach ní an oiread sin leis na hiarratais eile ó thaobh iomaíochta de. |
| C | 4 | |
| C- | 3 | |
| D | 2 | **D – Ní Tosaíocht É:** dar leis an mball painéil nár comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige. |

Iarrtar ar an bpainéal scór a bhronnadh ar na hiarratais agus próiseas dhá chéim á úsáid acu chun a chinntiú go mbeidh ualú comhionann ag an **iarratas scríofa** agus ag an **agallamh** sa toradh deiridh.

Ní mór an t-íoschritéar – "ba chóir a mhaoiniú" nó os a chionn a bhaint amach le maoiniú a fháil.

## 3.4 Dearbhú Leasa

Tá Beartas maidir le Coinbhleacht Leasa (CoI) ag an gComhairle Ealaíon a bhaineann le Scéim ESP, lena chinntiú nach mbíonn tionchar éagórach le brath sa phróiseas measúnaithe. Le cóir agus cothroime sa chinnteoireacht a áirithiú, ní mór do bhaill foirne agus baill an phainéil coinbhleacht leasa a dhearbhú i gcás ina bhfuil:

- I gcás ina bhfuil dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu leis an iarratasóir
- I gcás ina bhfuil siad nasctha ar aon bhealach leis an iarratas.

Is féidir le “leas” a bheith ina “leas airgid” nó ina “leas neamhairgid”.

- Féadann “leas” a bheith ina “leas airgid”: ina bhféadfadh duine tairbhe airgeadais a bhaint as cinneadh.
- “Leas neamhairgid”: gaol muintire, nó comhpháirtíochtaí, caidrimh phearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.

Ní mór don bhall foirne nó ball an phainéil a leas a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh é.

## Dearbhú leasa na mball painéil

Ní mór do bhaill an phainéil coinbhleacht leasa a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh í. D’fhéadfadh sé sin tarlú ag an bpointe nuair a iarrtar orthu suí ar an bpainéal (más eol an “leas” ag an bpointe sin) nó tar éis liosta na n-iarratasóirí a fháil.

Nuair a dhearbhaíonn ball painéil coinbhleacht leasa, ní bhfaighidh siad ábhar meastóireachta maidir leis an iarratasóir sin. Beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú. Vótálfaidh an Cathaoirleach in ionad bhall an phainéil.

I roinnt cásanna, d’fhéadfadh sé nach n-aithneodh ball painéil go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann siad an t-ábhar meastóireachta agus go ndéanann siad athbhreithniú air. Sna cásanna sin, ní mór don bhall painéil cur in iúl do bhall foirne Create nó do chathaoirleach an phainéil chomh luath agus a thuigeann siad go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

Má chuireann beirt bhall ón bpainéal in iúl go bhfuil coinbhleacht leasa acu i leith aon iarratais amháin, beidh an cathaoirleach páirteach mar chuid den phróiseas cinnteoireachta i gcás an iarratais shonraigh sin.

Má tá coinbhleacht leasa ag Cathaoirleach ainmnithe an phainéil, ní mór dóibh é sin a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh go bhfuil a leithéid ann agus an fógra sin a thabhairt i scríbhinn roimh an gcruinniú. Sa chás sin, beidh ceann na foirne ealaíon ábhartha mar chathaoirleach ar an bplé a dhéanfar maidir leis an iarratas.

## 3.5 Na chéad chéimeanna eile sa chás go n-éiríonn le d’iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas trí ríomhphost maidir le toradh a iarratais. Má éiríonn le d’iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe a bhronnfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin faoi conas do dhámhachtain a fháil.

## 3.6 Na chéad chéimeanna eile sa chás nach n-éiríonn le d’iarratas

Is dámhachtain iomaíoch í seo agus ní féidir linn maoiniú a dhéanamh ar gach iarratas a fhaighimid. Más rud é go gcomhlíonann tú ár dtreoirlínte incháilitheachta agus ár nósanna imeachta d’iarratais, ní ráthú é sin go bhfaighidh tú maoiniú. Mura n-éireoidh le d’iarratas, cuirfear ar an eolas thú ar ríomhphost agus is féidir leat aiseolas a iarraidh ar Create. Ní mór duit iarraidh air seo laistigh de choicís ón dáta a fuair tú an ríomhphost.

Níl iarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ngníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile, cuirfear ar an eolas thú.

## 3.7 Achomharc a dhéanamh

Is féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh maoinithe más rud é go gceapann tú:

- Níor chloíomar lenár nósanna imeachta foilsithe don riarachán agus don mheasúnú
- Níor chuireamar i bhfeidhm ár nósanna imeachta foilsithe don riarachán agus don mheasúnú go cóir.

Ní mór duit a bheith in ann na cúiseanna le d'achomharc a thaispeáint dúinn. Foghlaim tuilleadh faoi phróiseas achomharc na Comhairle Ealaíon.

## 3.8 Doiciméadú agus measúnú

Ba cheart do chuid gníomhaíochtaí a thaifeadadh agus tuairisc i scríbhinn ina bhfuil íomhánna nó taifead radhairc de na phríomhchéimeanna nó na príomhghnéithe a chur ar fáil.

Tá sé tábhachtach go mbeadh an tuairisc seo fírinneach. Ba cheart achoimre ar ioncam agus ar chostais a bheith sa tuarascáil.

## 4. Gluais

### Aschuir

Torthaí díreacha na ngníomhaíochtaí: is samplaí d'aschuir iad taispeántas nó imeacht.

### Cáilíochtúil

Tá faisnéis cháilíochtúil tuairisciúil agus de ghnáth bíonn sí scríofa nó léirithe ar bhealaí malartacha amhail trí íomhánna nó fuaim. Is minic a chuirtear ar fáil í mar fhreagairt ar cheisteanna amhail "conas" nó "cén fáth". Mar shampla, conas a forbraíodh an caidreamh idir an pobal agus an t-ealaíontóir.

### Cainníochtúil

Tá faisnéis chainníochtúil uimhriúil agus is minic a chuirtear in iúl í trí uimhreacha agus cainníochtaí. Mar shampla, cé mhéad ball den phobal a bhí páirteach sa tionscadal agus cá fhad a bhí siad páirteach?

### Ealaíontóir

Duine atá ag leanúint gairm bheatha mar ealaíontóir ar bhonn gníomhach i bhfoirm ealaíne ar bith, agus a mheas a gcuid saothar ealaíon a bheith mar a bpríomhghairm nó gairm bheatha. Baineann seo fiú murab é a gcuid oibre na healaíona a bpríomh-fhoinse ioncaim nó má tá fostaíocht eile acu.

### Ealaíontóir – ag teacht chun cinn

Ealaíontóir i gcéimeanna luatha a ngairmréime atá ag forbairt a gcleachtais agus a gcáile agus atá ag éirí aitheanta i measc ealaíontóirí eile agus léirmheastóirí.

Uaireanta, is rud é go bhfuil cleachtas ealaíon dea-fhorbartha nó lonnaithe i stiúideo ag ealaíontóirí, ach gur thosaigh siad ag obair sna healaíona comhoibríocha le déanaí. Sa chás sin, seans gur mhaith leat tú féin a

shainaithint mar “ag teacht chun cinn” chun críche Scéim ESP. Ar bhonn praiticiúil, tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuirtear san áireamh thú do dhámhachtain ealaíontóra luathghairme / atá ag teacht chun cinn más rud é go bhfuil sé seo oiriúnach.

**Ealaíontóir – i lár a ngairmréime**

Mar ealaíontóir, atá aitheanta i measc ealaíontóirí eile nó léirmheastóirí mar chleachtóir agus a bhfuil a gcuid oibre ag fáil níos mó aitheantais i measc an phobail i gcoitinne.

### Ealaíona comhoibríocha

Sainmhíníonn Create na healaíona comhoibríocha mar a leanas: Baineann cleachtas na n-ealaíon comhoibríoch le healaíontóirí agus pobail a bhíonn ag obair go dlúth le chéile, go minic i gcaitheamh tréimhsí ama níos faide, chun ealaín a chruthú. Ní mór d’ealaíontóirí an aidhm a bheith acu tionscadal a phleanáil agus a fhorbairt óna chéimeanna is luaithe go dtí go gcuirtear i gcrích é i gcomhar le grúpa nó grúpaí ar leith, seachas rannpháirtithe a lorg chun páirt a ghlacadh i dtionscadal ealaíon a pleanáladh roimh ré. Féach sainmhíniú iomlán ar “Na healaíona comhoibríocha” ar shuíomh gréasáin Create.

### Pobal

I Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal, is é an chiall is leithne atá i gceist againn le pobal. D’fhéadfaí pobal a shainmhíniú mar ghrúpa daoine a thagann le chéile mar gheall ar chuspóir comhchoiteann. D’fhéadfaí a bheith san áireamh leis sin pobail áite (daoine a thugtar le chéile trí láthair chomhchoiteann, mar shampla an áit ina bhfuil siad ina gcónaí, a n-ionad oibre, srl) nó pobail arna n-aontú ag spéis ar leith, nó an dá chineál pobail.

**Toradh**

Is iad torthaí ná athruithe sa ghearrthéarma sa mheántéarma atá mar thoradh ar ghníomhaíochtaí, amhail scileanna nua nó féinmhuinín mhéadaithe.

## 5. Cosaint Sonraí

### Ráiteas ar Rúndacht

Aithníonn Create a fhreagracht chun sonraí pearsanta na n-iarratasóirí ar Scéim ESP a chosaint chomh maith lena ghealltanas do chinnteoireacht shoiléir agus thrédhearcach maidir le hiarratais ar thacaíocht. Táimid tiomanta do chearta príobháideachais a chosaint agus muid i mbun na sonraí pearsanta a bhailímid a phróiseáil. Cloífimid leis na caighdeáin is airde de shlándáil agus rúndacht maidir le faisnéis phearsanta ar bith a thugtar nó a iarrfar, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin cosanta sonraí.

### Bainistíocht Sonraí

Úsáidtear an t-eolas a bhailítear tríd an bpróiseas iarratais ar mhaithe leis an scéim a bhainistiú amháin. Ní nochtfar sonraí pearsanta d’aon tríú páirtí gan toiliú. I gcás inar gá cloí le riachtanais reachtúla nó i gcás ina mbíonn tríú páirtí ag feidhmiú thar cheann Create agus lenár dtoiliú, féadfaimid eolas a nochtadh chun críche taighde. Má tá sé de rún ag an gComhairle Ealaíon sonraí a chuirimid ar fáil a phróiseáil, déanfar na sonraí pearsanta ar fad a anaithnidiú. Coinnítear foirmeacha iarratais agus ábhair thacaíochta i gcomhréir lenár mBeartas Cosanta Sonraí.